# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

---

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

**Nóta**: Tá Roinn 1 den pháipéar seo ar fhillteán ar leith, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Ná dearmad, le do thoil, go gcaithfear **Fillteán** comhlánaithe **Roinn 1** a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN AGUS AN PLÁINÉAD SEO AGAINNE

### A. Tírdhreach Carstach - Aolchloch


(i) Cén grúpa carraigeacha lena mbaineann an aolchloch?

(ii) Ainmnigh suíomh ina bhfaightear aolchloch.

(iii) Mínigh, le cúnamh léaráide, conas mar a fhoirmítear tírghné Charstach **amháin** faoi thalamh.

(10)

### B. Creathanna Talún



mona.uwi.edu

(i) Scrúdaigh an léaráid thuas agus mínigh gach ceann de na **trí** téarmaí a thaispeántar sa léaráid.

(ii) Ainmnigh **dhá** thír ar domhan ina dtarlaíonn creathanna talún.

(iii) Ainmnigh modh **amháin** chun an íarmhairt ag crith talún ar cheantar uirbeach a laghdú.

(10)

### C. An tAtmaisféar

(i) Ainmnigh **dhá** phríomhghás a fhaightear san atmaisféar.

(ii) Mínigh, le cúnamh léaráide, conas mar a tharlaíonn an iarmhairt cheaptha teasa.


(iii) Ainmnigh **dhá** shlí inar féidir an iarmhairt cheaptha teasa a laghdú.

(10)

**Ceist 2. DAONRA, DAOINE AGUS IOMPAR**

**A. Fás Daonra**

**Fás Daonra an Domhain**




(i) Ainmnigh cúis **amháin** ar thosaigh daonra an domhain ag méadú ó 1800 ar aghaidh.

(ii) Cén daonra a bheidh ar domhan sa bhliain 2050?

(iii) Mínigh **dhá** fhadhb a bhaineann leis an méadú tuartha ar dhaonra an domhain.

(10)

**B. Imirce**

(i) Mínigh aon **dá** cheann de na téarmaí a leanas:

- Eisimirce
- Inimirce
- Baic ar imirce.

(ii) Agus tú ag tagairt do shampla d'imirce eagraithe **NÓ** d'imirce éigeantach a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh cén fáth ar tharla sí.

(12)

**C. Iompar**


Mínigh forbairt aon líonra iompair a bhfuil staidéar déanta agat air.

(8)

## Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

Freagair **TRÍ** cinn **AR BITH** de na ceisteanna a leanas **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

### 3A. Ithreacha




(i) Scrúdaigh an léaráid de phróifíl ithreach thuas.
Ainmnigh na sraitheanna lipéadaithe **X**, **Y** agus **Z**.

(ii) Déan cur síos ar chomhdhéanamh aon ithreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(10)

### 3B. Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis a tugadh duit.

Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis.

Ar do shracléarscáil **taispeáin agus lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An limistéar faoi fhoirgnimh sa Daingean
- An t-imeallbhord
- Slí Chorca Dhuibhne (Dingle Way)
- Abhainn na Gairfeanaí (Garfinny River).

(10)

Ceist 3. **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar lean)**

**3C.** **FREAGAIR** (i) **nó** (ii).

(i) **Oighriúchán**

Ainmnigh gné **amháin** a fhoirmítear mar thoradh ar oighearchreimeadh **NÓ** sil-leagan oighreach agus mínigh, le cabhair léaráide lipéadaithe, conas mar a foirmíodh í.

(10)

**NÓ**


(ii) **Cóstaí**

Ainmnigh gné **amháin** a fhoirmítear mar thoradh ar chreimeadh cósta **NÓ** sil-leagan cósta agus mínigh, le cabhair léaráide lipéadaithe, conas mar a foirmíodh í.

(10)

**3D.** **Patrúin Dhomhanda**

**Ionchas Saoil ar Domhan**




www.wikimedia.org

Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann ionchas saoil ar domhan.

(i) Cad é an t-ionchas saoil do **gach ceann** de na tíortha seo a leanas?
- Éire
- Mailí.

(ii) Mínigh an téarma 'ionchas saoil'.

(iii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an t-ionchas saoil níos airde in Éirinn ná mar atá i dtíortha cosúil le Mailí.

(10)

**Ceist 4. GNÍOMHAÍOCHT AGUS FORBAIRT GHEILLEAGRACH**

**A. Gníomhaíocht Gheilleagrach**

(i) Mínigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar shuíomh tionscail.

(ii) Is féidir go gcothódh gníomhaíochtaí eacnamaíochta coimhlintí áitiúla. Ainmnigh agus mínigh, sampla choimhlint dá leithéid sin.

(10)

**B. Turasóireacht**

(i) Ainmnigh **dhá** chineál réigiún turasóireachta.

(ii) Mínigh iarmhairt dhearfach **amháin** ag turasóireacht agus tagairt agat do shampla a bhfuil staidéar déanta agat air.

(iii) Mínigh iarmhairt dhiúltach **amháin** ag turasóireacht agus tagairt agat do shampla a bhfuil staidéar déanta agat air.

(10)

**C. Éagothroime Gheilleagrach**

(i) Ainmnigh réigiún i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Mínigh **trí** chúis nach bhfuil an réigiún seo chomh forbartha ó thaobh an gheilleagair de is atá réigiúin eile.

(10)

**Ceist 5. AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

**A.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar duit.

Tarraing sracléarscáil den fhótagraf.

Ar do shracléarscáil **taispeáin agus lipéadaigh** gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- Limistéar caitheamh aimsire
- An cuan
- Séipéal
- Depot / Garáiste busanna.

(10)

**B.** Ag úsáid an **LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS** a thugtar duit, mínigh **trí** chúis ar fhorbair limistéar uirbeach an Daingin ar an suíomh seo.

(12)

**C.** Ag úsáid an **LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS** a thugtar duit, mínigh **dhá** chúis a bhfuil a laghad sin lonnaíochta ó thuaidh ó Thuaidhlíne 04.

(8)

# LEATHANACH BÁN

# LEATHANACH BÁN